

CEOINÍN AR CUAIRT I GCILL BHRIOCÁIN

Nach iomdha duine a dubhairt liom

Gur orm a bhí an t-ádh

Nuair a chuaidh mé go Cill Bhriocáin

Le trosgán Mhrs Maude

Bhí muid ag ól gloineacha

Ón gcraigín go dtí an cárt

Is dheamhan sin a d'fhágfadh

Dá maireadh aon deoir ann.

Is a gul trí Thóin Uí Fhloinn dúinn

Nach í an fhairrge a bhí ard

Is a stór cérbh iongnadh é

Gaoith andeas is taoille trágha.